Gaelscoil Eiscir Riada

Bóthar an Ghrifín,
Leamhcán,
Co. Átha Cliath.

gaelscoil_eiscirriada@yahoo.ie
www.eiscirriada.org

Guthán : 01 6210342 *P.O. : Damhnait Uí Ruairc* *P.O. Tánaisteach: Ciara Ní Mhaonaile* *Uimhir Rolla : 20223I*

Nuachtlitir

Meán Fómhair 2011

Fáilte romhaibh ar ais agus fíor chaoin fháilte roimh na páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí nua! Tá 66 Naíonáin Shóisir nua tosaithe i mbliana agus tá an chuid is mó acu an-socair cheana féin. Tá ceathrar páiste nua tagtha isteach i ranganna éagsúla tríd na scoile agus tá súil againn go mbeidh siad an sona linn.

Tá áthas orainn Áine a fháiltiú ar ais, chomh maith leis na múinteoirí nua, Frank, Éanna agus Maighréad. Tá Diane imithe ar shaoire máithreachais agus guímid gach rath uirthi. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hÁine Máire dá cuid oibre ar fad sa dhá bhliain a chaith sí sa scoil.

Welcome back and a special welcome to all our new pupils, teachers and parents! 66 new Naíonaín Shóisir started this year and most of them have settled already. We welcome the 4 new children who have joined classes throughout the school and we hope they will be very happy with us.

We are delighted to welcome Áine back, along with our new teachers, Frank, Éanna and Maighréad. Diane is gone on maternity leave and we all send her our best wishes. We would like to thank Áine Máire for all her hard work during the 2 years she spent with us.

Tá sé go hiontach na páistí go léir a fheiceáil sa chlós ar maidin- imithe ó 26 sé bhliain ó shin go dtí 355 i mbliana! Chun cinntiú go bhfuilimid in ann aire ceart a thabhairt dóibh roimh 8.50, iarrfaimid ar thuismitheoirí ranganna 1-5 na páistí a fhágáil sa líne agus imeacht ansin. Nuair a bheidh na Naíonáin Shínsir socraithe ar ais, iarrfaimid ar a dtuismitheoirí iad a fhágáil sa líne chomh maith. Beidh sé níos éasca na páistí a choimeád i radharc agus sábháilte. Go raibh maith agaibh!

It is wonderful to see all the children in the yard in the morning- we have gone from 26, six years ago to 355 this year! To ensure that we can supervise them before 8.50, we would ask that parents of ranganna 1-5 drop their children in the line and leave promptly. Once Naíonáin Shínsir have settled in fully, we will ask their parents to leave them in the line also. This will enable us to have all children in sight and keep them safe. Go raibh maith agaibh!

Tá Ranganna 4 & 5 an sásta leis na seomraí nua, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le John Kelly (airíoch) a rinne an –oibre i rith na laethanta saoire chun cinntiú go rabhamar reidh le n-oscailt.

Ranganna 4 & 5 are thrilled with their new rooms and I would like to sincerely thank John Kelly (our caretaker) who has done trojan work during the holidays to ensure we were ready to re-open

Ba mhaith linn cuir i gcuimhne daoibh gan siúl isteach i rang má tá do pháiste deanach ag teacht ar scoil. Cuireann sé isteach ar an obair atá tosnaithe cheana.

We would like to remind you not to walk in on classes if your child is late to school, as it interferes with the work that has begun.

Tháinig dea-nuacht don scoil i rith na laethanta saoire nuair a cuireadh suas fógra ag lorg cead pleanála don fhoirgneamh buan chomh maith leis an bogadh sealadach a bheidh á dheanamh againn fad is atá an fhoirgneamh á dtógáil. Braitheann an cead pleanála ar dhea thoil ár gcomharsain scoile, agus iarrfaimid oraibh bheith an-cúramach agus béasach maidir le páirceáil taobh amuigh den scoil, in aice na hárasáin agus in aice Ash Park. Cabhróidh sé ár bpáistí a choinneáil sábháilte agus ní chuirfidh sé isteach ar na comharsain!



We are very excited that the sign seeking planning permission for our permanent school and for the temporary accommodation required while the school is being built has been erected. We are depending on the goodwill of the neighbours of the school at this time and we would ask you all to be courteous and careful in the manner and places that you park outside the school, near the apartments and at Ash Park. This will help keep our children safe and won't annoy the neighbours!



Ba chóir go mbeadh na leabhair go léir ag gach páiste faoin am seo. Tá Mata Meabhrach ar fáil ar €4.50 ón scoil d'éinne nach bhfuil sé acu fós. Tá an dara chuid den leabhar liosta le n-íoc leis an scoil anois. Clúdaíonn sé seo cíos leabhar, fótócóipeáil, acmhainní ealaíne, ICT, dialann agus árachas scoile, cóipleabhair srl don bhliain. Tuigimid go bhfuil go leor clann le deacrachtaí airgid faoi láthair agus tá roinnt faoiseamh le fáil dóibh siúd ag a bhfuil cárta leighis, ach labhairt le Damhnait ar dtús. Tá an scoil sásta má tá daoine ag iarraidh íoc ar bhonn seachtainiúil/coicísúil srl ach an scoil a chuir ar an eolas roimhré le bhur dtoil.

Every child should have their books by now. Mata Meabhrach is available from the school for €4.50 for those who have not got it yet. The second part of the booklist is due to be paid to the school now. This covers book rental, photocopying, art resources, ICT, school diary and insurance, copies etc for the year. We understand that many families are suffering financially at the moment and there is a little help available for those who have a medical card, but please speak to Damhnait first (bringing medical card). The school is happy to accommodate those who would find it helpful to pay on a weekly/ fortnightly etc basis, but again to discuss this with the office first.

I mbliana beidh Ranganna 1-5 ag dul ag snámh. Beidh ocht gceacht acu ina seisiún agus beidh €68 an duine ar na ranganna (idir mhúinteoirí agus bus). Ba an-chabhair é do alán tuistí anuraidh airgead a bhailiú gach Aoine le Coiste na dTuistí don snámh, turasanna scoile agus fiú na leabhar liostaí ag deireadh na bliana. Beidh an seirbhís seo ar fáil arís i mbliana gach maidin Aoine ag tosú ar an 9ú Meán Fómhair.

This year Ranganna 1-5 will be going swimming. They will have 8 lessons in their session and it will cost €68 per child (between swimming instructors and bus). The saving scheme run by Coiste na dTuistí was a huge help to many parents last year for costs such as swimming, tours and even booklists at the end of the year. This service will be available again every Friday morning beginning 9th September.

Am Chlár Ranganna Snámha don Bhliain	
Ranganna 4 & 5	09/09/11 go 28/10/11
Rang 2 (x2)	15/11/11 go 27/01/12
Rang 1 Lorcán & Rang 3 Threasa	03/02/12 go 30/03/12
Rang 1 Mhaighréad & Rang 3 Áine	20/04/12 go 22/06/12

Ranganna Gaeilge

Má tá suim agat ranganna Gaeilge do thosaitheoirí a dhéanamh, seol d'ainm go Máire san oifig le d'uimhir fón póca roimh an Luan 12 Meán Fómhair le do thoil. Má tá dóthain suim léirithe, cuirfidh Sinéad téarma sé rang ar fáil ag tosú Dé Luain 26/09/11 ó 7.00-8.00i.n. ar €50.

If you are interested in Irish Classes for beginners, please forward your name to Máire in the office with your mobile number before Monday 12th September. If there is enough interest, Sinéad will begin a six week term of classes on Monday 26/09/11 from 7.00-8.00p.m. for €50.

De bharr roinnt páistí le aileirgé láidir cnónna, ní ceadaítear aon chnónna nó bia le cnónna iontu sa scoil.

Because of a number of children having life threatening nut allergies, no nuts or food containing nuts are allowed in the school.

Peil

Beidh trialacha peil Gaelach ar siúl sa scoil Dé Máirt 6ú agus Déardaoin 8ú Meán Fómhair ó 2.30 go 3.30 do bhuachaillí ranganna 3,4 & 5

There will be Gaelic football trials for boys from ranganna 3,4 & 5 on Tuesday 6th and Thursday 8th September from 2.30-3.30 in the school.

Bí cinnte ainm do pháiste a chuir ar gach píosa éadaí, málaí, rothair, scútair srl. Molaimid go gcuirfeadh sibh rothair srl faoi ghlas ag an scoil mar ní feidir leis an scoil bheith freagrach astu.

Please ensure that you have your child's name on all clothing, bags, bikes, scooters etc. We recommend that you lock the bikes/scooters to the rails provided as the school cannot be responsible for them.

Bailímid sóinseáil gach Aoine agus má tá roinnt le spáráil agaibh beidh fáilte roimhis. D'éirigh linn €2,173.26 a bhailiú i sóinseáil anuraidh.

We collect loose change on Fridays and if you have any change to spare we are delighted to get it! We collected €2,173.26 in change last year.

Tá cruinnithe eagraithe do thuismitheoirí ranganna Naíonáin Shóisir go Rang 3. Mar go mbíonn eolas tábhachtach á roinnt ag na múinteoirí anseo, iarrfaimid oraibh cinntiú go mbíonn tuismitheoir amháin ó ghach clann i láthair le bhur dtoil. Tá na dátaí & amantaí do na cruinnithe thíos.

Meetings have been organised for parents of classes from Naíonaín Shóisir to Rang 3. As the teachers take the time to give you important information for the year, please try to ensure that one parent attends for each child. Please find the dates and times of meetings below.

Naíonáin Shóisir	14/09/11 @ 7.00p.m.
Naíonaín Shínsir	13/09/11 @ 7.00p.m.
Rang 1	12/09/11 @ 7.30p.m.
Rang 2	12/09/11 @ 7.00p.m.
Rang 3	08/09/11 @ 7.30p.m.

Ranganna Iarscoile

Beidh eolas ag teacht go luath ar ranganna Ceoldrámaíochta le Katie, ranganna giotár le Éamon agus ranganna veidhlín le Nóra. Cuirfear eolas suas ar shuíomh gréasáin na scoile fúthu chomh maith.

Information on afterschool activities will be sent out soon- there will be musical drama with Katie, guitar with Éamon and violin with Nóra.

Tá cóip d'fhéilire na bliana ceangailte leis an nuachtlitir seo. De bharr nach féidir braith ar an aimsir, tá an Roinn tar éis iarraidh orainn an chéad trí lá de shaoire na Cásca a choinneáil saor ar eagla go mbeadh ar an scoil dúnadh de bharr sneachta i mbliana. Má bhíonn an scoil dúnta de bharr na haimsire, beidh orainn suas le 3 lá a dhéanamh suas ar an 2,3 & 4 Aibreán 2012.

Please find enclosed a copy of the 2011-2012 calendar. This is also available on line (in colour!). As the weather is unreliable, the Department have asked that we keep the first 3 days of the Easter Holidays available to work, in case the school has to be closed because of snow this year. If the school is closed because of the weather, we (and the children) will have to work up to 3 days on the 2,3 and 4 April 2012

Bhí lá pleanála ag na múinteoirí Dé Máirt (30/08) agus beidh ceann eile acu ar an 08/12/11. Beimid ag déanamh na huaireanta breise eile i rith na bliana mar chruinnithe foirne & pleanála.

The Staff had a planning day on Tuesday (30/08) and will have another on the 08/12/11. We will be doing our other extra hours during the year as staff and planning meetings.

Iarrfaimid oraibh **<u>gan páirceáil riamh os comhair geataí na scoile</u>**. Cuir aon crèche/feighlí linbh atá agaibh ar an eolas faoi seo. Seo an príomh bealach éalaithe as an scoil agus an t-aon bhealach isteach do na seirbhísí éigeandála.

*Please **<u>Never Park in front of the school gates.</u>** Please notify any crèche/childminder you have of this. This is our main exit out of the school in an emergency and the only way in for the emergency services.*

Beidh cruinniú de Choiste na dTuismitheoirí ar siúl Dé Máirt 06/09/11 @ 7.30.
Mar gur cuireadh an Lá Clainne ar ceall i Mí an Mheithimh, beidh sé ar siúl anois ar an Domhnach 25ú Meán Fómhair!

There will a meeting of Coiste na dTuistí on Tuesday 06/09/11 @ 7.30.
The Lá Clainne that was cancelled in June because of the weather will now be held on Sunday 25th September!